Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Ábhar:

RIALACHÁN MAIDIR LE hÚSÁID A BHAINT AS FEABHSÚCHÁIN MARCANNA I SCRÚDUITHE, I gCÁSANNA INÁR DEONAÍODH DÍOLÚINE Ó CHUID AMHÁIN NÓ NÍOS MÓ DE SCRÚDÚ DO MHIC LÉINN ATÁ FAOI MHÍCHUMAS

Ciorclán Uimh.:
2009/03

Dáta Eisithe:
28 Aibreán 2009

Tá sé dírithe orthu seo a leanas:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí scoileanna iar-bhunoideachais deontaschúnta agus scoileanna speisialta a bhfuil daltaí iar-bhunoideachais acu;
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- An Chomhairle Churaclaim, Scrúduithe agus Mheasúnachta;
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeasctha;
- Comhairle Na Gaelscolaíochta

Achoimre ar Ábhar an Chiorcláin:
Cuireann an ciorclán seo in iúl go bhfuil sraith bhreise rialacháin déanta ag an Roinn Oideachais, i gcleachtadh na gcumhachtaí a bhronntar uirthi faoin *Special Educational Needs and Disability (Northern Ireland) Order 2005* (Ordú um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Mhíchumas (Tuaisceart Éireann) 2005), a bhaineann le comhlachtaí ginearálta cáilíochtaí.

Fiosruithe:
Ba chóir aon cheist faoi ábhar an Chiorcláin seo a sheoladh chuig:

Paul Murray
Foireann Cáilíochtaí & TFC
An Roinn Oideachais

Feasacht Ghobharnóirí:
Riachtanach

Stádas Ábhar an Chiorcláin:
Comhairle Eolas do scoileanna

Doiciméid Ghaolmhara:
Ciorclán na Roinne Oideachais 2008/07

Doiciméid Chealaithe:
Níl ann dóibh

Dáta Éaga:
N/B

Láithreán Gréasáin na Roinne Oideachais:
http://www.deni.gov.uk

Teil: 028 9127 9361

Cóipeanna breise:
Teil: 028 9127 9561

Teach Ráth Gael Bóthar Bhaile Aodha BEANNCHAR Co. an Dúin BT19 7PR	

Cuspóir an Chiorcláin seo

1. Cuireann an Ciorclán seo faisnéis ar fáil faoi shraith bhreise rialacháin – ***The Special Educational Needs and Disability (General Qualifications Bodies) (Relevant Qualifications, Reasonable Steps and Physical Features) (Amendment) Regulations (Northern Ireland) 2009*** (**Na Rialacháin um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Mhíchumas (Comhlachaí Ginearálta Cáilíochtaí) (Cáilíochtaí Ábhartha, Céimeanna Réasúnta agus Gnéithe Fisiciúla) (Leasú) (Tuaisceart Éireann) 2009**) atá déanta ag an Roinn i gcleachtadh na gcumhachtaí a bhronntar uirthi faoin *Special Educational Needs and Disability (Northern Ireland) Order 2005* (Ordú um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Mhíchumas (Tuaisceart Éireann) 2005). Clúdaíonn na rialacháin úsáid a bhaint as feabhsúcháin marcanna i gcásanna inar deonaíodh díolúine d'iarrthóir ó chuid amháin nó níos mó de scrúdú de bharr míchumais.

Cúlra

2. Rinne na *Special Educational Needs and Disability (General Qualifications Bodies) (Relevant Qualifications, Reasonable Steps and Physical Features) Regulations (Northern Ireland) 2008* (Rialacháin um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Mhíchumas (Comhlachtaí Ginearálta Cáilíochtaí) (Cáilíochtaí Ábhartha, Céimeanna Réasúnta agus Gnéithe Fisiciúla) (Tuaisceart Éireann) 2008), a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Aibreán 2008, na cáilíochtaí ábhartha a fhorordú a bhfuil sé in aghaidh an dlí do chomhlacht ghinearálta cáilíochtaí leatrom a dhéanamh ina leith ar dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Shonraigh na rialacháin freisin gur chéim réasúnta a bheadh ann i gcónaí do chomhlacht ghinearálta cáilíochtaí díolúine a dheonú ó chuid amháin nó níos mó de mheasúnú nó de scrúdú a mbronntar cáilíocht ábhartha mar thoradh air, i gcúinsí áirithe.

3. Chuir na comhlachtaí ginearálta cáilíochtaí in iúl don Roinn Leanaí, Scoileanna agus Teaghlaigh (DCSF) áfach go raibh imní orthu nár thug na rialacháin a chlúdaíonn Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag a ndóthain cosaint dhlíthiúil dóibh chun leanúint ar aghaidh leis an gcleachtas úsáid a bhaint as feabhsúcháin marcanna i gcásanna ina ndéantar díolúintí a dheonú. Dá bharr sin, tá sraith bhreise rialacháin déanta ag an Roinn chun úsáid na bhfeabhsúcháin marcanna a shoiléiriú i gcásanna mar sin agus paireacht a choinneáil le socruithe i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag áit a bhfuil rialacháin cosúla i bhfeidhm.

The Special Educational Needs and Disability (General Qualifications Bodies) (Relevant Qualifications, Reasonable Steps and Physical Features) (Amendment) Regulations (Northern Ireland) 2009 **(Na Rialacháin um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Mhíchumas (Comhlachtaí Ginearálta**

Cáilíochtaí) (Cáilíochtaí Ábhartha, Céimeanna Réasúnta agus Gnéithe Fisiciúla)(Leasú) (Tuaisceart Éireann) 2009)

4. Déanann na rialacháin seo leasú ar *Special Educational Needs and Disability (General Qualifications Bodies) (Relevant Qualifications, Reasonable Steps and Physical Features) Regulations (Northern Ireland) 2008* (na Rialacháin um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Mhíchumas (Comhlachtaí Ginearálta Cáilíochtaí) (Cáilíochtaí Ábhartha, Céimeanna Réasúnta agus Gnéithe Fisiciúla) (Tuaisceart Éireann) 2008) chun go sonróidh siad gur céim réasúnta é i gcónaí measúnú a dhéanamh ar iarrthóir a bhfuil míchumas air/uirthi i leith chodanna an scrúdaithe atá tógtha aige/aici ar an mbonn céanna agus dá mba rud é gurbh ionann na codanna sin agus an scrúdú ar fad.

5. Tháinig na rialacháin i bhfeidhm ar an 25 Feabhra 2009.

6. Meabhraítear do scoileanna go bhfuil freagracht ar na hionaid scrúdúcháin dul i mbun idirchaidrimh leis an gcomhlacht cáilíochtaí ábhartha nó iarratas a dhéanamh ar shocrú rochtana tríd an Córas ar Líne do Shocruithe Rochtana i gcásanna ina bhfuil socruithe rochtana nó athruithe réasúnta ag teastáil ó mhic léinn le haghaidh scrúduithe. Níor chóir do mhic léinn teagmháil dhíreach a dhéanamh le comhlachtaí cáilíochtaí agus ní féidir leo iarratais ar líne a dhéanamh ar shocruithe rochtana iad féin.

7. Meabhraítear do scoileanna freisin nár chóir díolúintí ó chuid/chodanna de scrúdú agus feabhsúcháin marcanna dá bharr a chur i bhfeidhm ach mar rogha an díogha, tar éis measúnaithe ar na hathruithe réasúnta ar fad a ligfeadh do dhuine a bhfuil míchumas air/uirthi rochtain a fháil ar an gcuid/ar na codanna atá i gceist.

Tuilleadh faisnéise

8. Tá na rialacháin ar fáil ag www.opsi.gov.uk agus is féidir cóipeanna a cheannach freisin ó Shiopa Leabhair TSO (Oifig an tSoláthair), 16 Sráid Arthur, Béal Feirste, BT1 4GD.

9. Is féidir le comhlachtaí ginearálta cáilíochtaí agus daoine eile comhairle a fháil maidir lena bhfreagrachtaí dlíthiúla faoi ORSOM 2005 ón gCoimisiún Comhionannais, a chuireann seirbhísí neamhspleách idir-réitigh míchumais ar fáil freisin maidir le díospóidí faoi na rialacháin. Déanfar treoir maidir leis na rialacháin a fhoilsiú go gairid ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Comhionannais ag www.equalityni.org

PAUL MURRAY
Foireann Cáilíochtaí agus TFC